
# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Baile Seirbhís an Chlocháin

Foras na Gaeilge




Ba údar misnigh dúinn an cruinniú dearfach a d'eagraigh Foras Na Gaeilge i gcomhar le Pleanáil Teanga Chonamara Láir le dearnaí, nuair a d 'fhreastal os cionn leathchéad duine ar an gcruinniú, idir daoine ón bpobal, coistí, institiúidi oideachas, gnóanna, eagraíochtaí, agus polaiteoirí chun plé a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ag an Chlochán stádas mar bhaile Seirbhís Gaeltachta a bhaint amach. Bhí an spiorad aontaithe tríd an gcruinniú go dea-scéal é seo amach is amach.

Shocraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir agus Forbairt Chonamara Láir 'Leabhrán na Cásca' a sholáthar don phobal, go háirithe mar nach féidir freastal ar searmanais na Cásca de bharr na srianta. Beidh na leabhráin seo á scaipeadh amach go luath agus beidh roinnt cóipeanna le fáil sna siopaí áitiúla. Buíochas ó chroí leis an Athair Standún, Éamonn Ó Conghaile, an tAthair Padhraig Audley agus Cathy (Lyons) Uí Cheannabháin a thug roinnt dena paidreacha dúinn.




# Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir



Buíochas ó chroí le Caitríona Ní Cheannabháin agus Pól Ó Ceannabháin a chur le chéile físeán bhreá dúinn le haghaidh ár gCliabhán Cultúrtha. Ba físeán speisialta a bhí ann do Lá Fhéile Pádraig. Tá sé le feiceáil ar na meáin shóisialta agus ar ár suíomh idirlín ag: https://conamaralair.ie/cliabhan-culturtha-chonamara-lair/

# Clár Cumais

## -le Katie Ní Allmhurain

Ag tacú le daoine óga atá faoi mhíchumas barr a gcumais a bhaint amach
Supporting young people with disabilities reach their potential
Ability

Tá an Clár Cumais maoinithe ag an gCiste Sóisialta na hEorpa agus an Roinn Choimirce Sóisialaí. Is é aidhm an chláir ná daoine óga, idir 12 agus 29, atá faoi mhíchumais a thabhairt níos gaire don mhargadh fostaíochta. Tugann an Clár Cumais maoiniú do thograí áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta in Éirinn a chuireann béim ar fhéidearthachtaí fostaíochta agus ról sóisialta fiúntach a chur chun cinn do dhaoine óga faoi mhíchumas. Tacaíonn sé seo le daoine óga bealaí forbartha a aithint bunaithe ar a gcumas agus riachtanais ar leith atá acu. Bainfear é seo amach tré cur chuige daonlárnach a úsáid. Mar sin, ag oscailt bealaí dearfacha I dtreo an oideachas, traenáil agus fostaíocht do na rannpháirtithe.

Is é an aidhm atá ag an Clár Cumais ná an bhearna seo atá follasach, ar fud na sochaí a laghdú, tacaíochtaí agus nascadh a dhéanamh do aon duine faoi míchumas sa bpobal le heagraíochtaí pobail, fostóirí, institiúidí oideachais agus oiliúna, agus gníomhaíochtaí sóisialta.

Cinnte, is buntáiste mór é an tacaíocht agus an nasc seo ní amháin don duine fhéin ach freisin do na eagraíochtaí agus an pobal.Tá léargas agus taithí ar leith ag gach páirtí agus is féidir iad sin a mhalartú agus dlúth cheangal níos leithne a fhorbairt chun cinntiú go mbeidh deis ag na glúnta atá le theacht gach buntáiste a bhaint as.

Go deimhin, tá buntáistí an Clár Cumais le feiceáil trí theistiméireachta ó dhaoine éagsúla a raibh muid i gcomhpháirtíocht leo, tré cabhair agus tacaíocht a thabhairt dhóibh le dhá bhliain anuas. Gan an maoiniú, tacaíochtaí ná an oilteacht Clár Cumais, d'fhéadfadh daoine óga a bheith aineolach faoi na seirbhísí tacaíochta atá le fáil ón Stát. Ina theannta sin, ní bheadh na scileanna luachmhara, traenáil, ná an taithí oibre ó na rannpháirtíocht shóisialta lena bpiaraí acu a thug chun cinn go rathúil iad sa saol.

Léiríonn na hEagraíochtaí éagsúla do Dhaoine faoi Mhíchumas (Disabled Persons Organisations) i dtuarascáil na hÉireann don Náisiún Aontaithe go bhfuil easpa tacaíochta agus seirbhísí faoi láthair sa tír do dhaoine óga faoi míchumas. Ba chóir, faoin 'Convention on the Rights of Persons with Disabilities' go mbeadh dualgas ar na tíortha seo chuile sheirbhís agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine faoi míchumas chun deis a thabhairt dóibh dul chun cinn a dhéanamh ina bpobail áitiúil. Is céim é an Clár Cumais a thugann an deis seo do dhaoine faoi míchumas agus tá sé soiléir go bhfuil géar ghá leis.

Dúirt Máirín Ní Choisdealbha-Seoige – "Is fóinse iontach é an Clár Cumais do Chonamara Láir chun seirbhísí agus tacaíocht riachtanach a thabhairt don óige. Tugann an clár seo rochtain do sheirbhísí d'óige, tacaíocht thábhachtach agus riachtanach i bhféin fhorbairt agus i muinín i modh príobháideach agus gairmiúil. Mol an óige agus tiocfaidh sí".

## *Láthair Phicnicí i gCaiseal*

Tugadh maoiniú de €27,000 do Choiste Pobal an Chaisil, faoi bheart a dó don Clár 2020, chun láthair phicnicí a fhorbairt in aice leis an Ionad Phobal. Mar chuid den tionscadal, beidh obair tírdhreachú le déanamh agus sconsa le tógáil agus chomh maith le suíocháin agus boird. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo curtha i gcrích roimh deireadh na bliana. Chuir an coiste aonad luchtaithe do veain champála le cúnamh deontais ó Comhairle Contae na Gaillimhe agus táthar dóchasach go dtacóidh sé seo le turasóireacht tuaithe a fhorbairt sa cheantar.

- Bernard Lee

# Imeachtaí Seachtain na Gaeilge 2021

I rith Seachtain na Gaeilge, chuir Pleanál Teanga Chonamara Láir amach físeáin chuig scoileanna an cheantair. I gcóir na bunscoileanna, chuir muid le chéile sraith físeáin faoi cheol, amhránaíocht, damhsa agus scéalaíocht. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le ár dteagascóirí iontacha:

- Áighne Ní Chadhain
- Blaithín Ní Mhainín
- Bríd Treasa Wyndham ó Fighting Words
- Íde Ní Chonaire &
- Eadaoin agus Conall Ó Mainín

Do na Iarbhunscoileanna, chuireamar amach físeáin le haoi-chainteoirí áitiúla a rinne plé ar na gairmeacha atá acu, tré meáin na Gaeilge, agus a insint dona scolairí 'Go bua agus ní bac í an Ghaeilge'.
Aríst, míle buíochas le ár n-aoichainteoirí:

- Fiona Ní Fhlaithearta
- Catherine Ní Ghuairim
- Trevor Ó Clochartaigh
- Máire T. Ní Mhadaoin

SEACHTAIN NA GAEILGE le energia

# COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA 2021




**Tá na hOifigigh Pleanála Teanga thart timpeall na Gaeltachtaí tagtha le chéile arís le Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021 a reáchtáil chun a fháil amach cén pobal Gaeltachta is aclaí in Éirinn.**
**Cuirfear tús leis an gComórtas Luan Cásca 5ú Aibreán agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh 4 seachtaine go dtí lá saoire bainc an 3ú Bealtaine. Fógrófar torthaí uair sa tseachtain, maidin Máirt ar Iris Aniar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus bronnfar Corn Raidió na Gaeltachta agus €200 ar an bpobal is aclaí. Fógrófar an pobal buachach ar an 5 Bealtaine.**
**Le páirt a ghlacadh sa chomórtas, is féidir teagmháil a dhéanamh le ocpt@conamaralair.ie nó is féidir a theacht ar an bhfoirm chlárúcháin ar leathanaigh Facebook na nOifigeach Pleanála Teanga.**




## Comórtas- Ainm dár nGrúpa Reatha

**Comhghairdeas mór le Dolores Madden a bhuaigh dearbhán Elverys luach €25. Roghnaíodh an t-ainm a mhol sí, 'Cosa Shona Chonamara', mar an t-ainm is fearr dár ngrúpa le haghaidh Comórtas Reatha na Gaeltacht 2021.**
**Buíochas ó chroí le Majella Ní Chríocháin, Oifigeach Pleanála Teanga an Phobal Rua a bhí mar mholtóir againn. Míle buíochas chomh maith le gach duine a ghlac páirt.**


# COMÓRTAS LÓGÓ CAIRDEAS

Comhghairdeas le Katie Ní Loideáin atá sa chéad bliain i Scoil Phobail Mhic Dara, a bhuach an comórtas lógó. Míle buíochas ó chroí le gach dálta scoile a ghlac páirt sa chomórtas agus a sheol isteach lógós álainn chugainn. Buíochas freisin le hEileen Davis, a bhíonn ag obair le CAIRDEAS, a bhí mar mholtóir dúinn. Ní raibh jab éasca aice.




# Turas Chonamara- Léarscáil

Tá Turas Chonamara i mbun oibre faoi láthair ar thogra shuimiúil, 'An Léarscáil'. Is mapa digiteach closamhairc atá i gceist atá le fáil ar an suíomh idirlín www.turaschonamara.ie. Is féidir leis na lucht féachana dul ar thuras fíorúil i nGaeltacht Chonamara agus cluas a thabhairt do ghlórtha na háite agus sásamh a bhaint as scéalta, amhráin agus ceol agus tú ag siúl na dúiche ónar eascair siad. Is sna pobail éagsúla ó Chois Fharraige go Carna i nGaeltacht Chonamara atá ábhar an mhapa seo á bhailiú. Is iad muintir na háite a roghnaíonn an t-eolas le cur ar an mhapa. Faightear léargas ann ar shaibhreas cultúir, teanga agus béaloidis an cheantair, ar fhoirmeacha áitiúla logainmneacha, agus ar an cheangal láidir idir na daoine agus an talamh. Is i nGaeilge atá an léarscáil, le haistriúcháin Fraincíse agus Bhéarla.




Mar sin, ba mhaith le Turas Chonamara eolas a bhailiú ó mhuintir Chonamara Láir. Má tá aon béaloideas agaibh nó aithne agaibh ar aon duine a bhfuil neart ábhar mar seo acu, déan teaghmhail linn ag 087-1875384/087 1678607 nó seol an t-eolas ar aghaidh opt@conamaralair.ie nó ocpt@conamaralair.ie.

# Cúinne na nÓg

## Teicféile
## - le Dara Ó Cualáin
## (Scoil Phobal Mhic Dara)




Sí mo mhúinteoir teicneolaíochta Róisín Ní Chonfhaola a d'inis dom faoi Teicféile i dtosach. Is clár oideachais chruthaitheach é TechFéile a chuireann deiseanna ar fáil do dhaoine óga páirt a ghlacadh i STEAM agus sa Chruthaitheacht Dhigiteach ina gcuid oideachais.

<u>An Chéad Bliain 2018/2019:</u>

Chuir mise isteach ar ócáid ESB  Creative Techfest I gceannáras Google.  Faraor níor bhuach mé duais ar bith ach thaitin sé go mór liom a bheith ag taifead an fuaim agus a bheith ag déanamh eagarthóireacht air.

Chuir mé isteach freisin ar Teicféile a bhí ar siúl sa Dhublann i nGaillimh ar an 14ú Márta 2019. Chuir mé isteach air leis an gclár raidió a rinne mé faoi an stáisiún faire a bhí thiar ar Cheann Mhása le linn an Dara Cogadh Domhanda le thaispeáint do na heitleáin gur tír neodrach a bhí in Éirinn. "Éire 52" a thug mé ar an gclár. Rinne mé agallamh le Máirtín Bairéad as Dubhithir. Bhí an-eolas ag Máirtín faoin stáisiún. Tráthúil go leor is in Iorras Aithneach na bliana 2018 a chuala mé faoin stásiún ar dtús san alt a bhí scríofa ag Mháirtín. Tháinig mé sa triú áit sa gcomórtas sin agus fuair an clár árd mholadh óna moltóirí. Rinne mé píosa ar Inis Aniar ar Raidió Na Gaeltachta le Séamus Ó Scanláin faoin gclár.

<u>An Dara Bliain 2019/2020:</u>

Chuir mé isteach ar go leor comórtais sna catagóirí éagsúla  Teicféile a bhí in Aerfort na Sionnaine ar an 3ú Márta 2020. Rinne mé físeán faoi Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge a bhí in Ionad an Phiarsaigh i Rosmuc i Mí Feabhra 2020. Rinne mé agallamh le cúpla duine ar an lá.Bhí mé ábalta MOJO kit na scoile a thabhairt liom chun taifead a dhéanamh ar imeachtaí an lae.

Chuaigh gach dalta ón chéad bhliain agus an dara bliain chuig an aerfort lenár múinteoirí. D'fhág muid an scoil ag ceathrú chun a hocht ar maidin agus bhí muid ag an aerfort ag leathuair tar éis a deich. Thosaigh an ocáid ag an 11. Bhí go leor ceardlainn difriúl ann ar an lá agus bhí blaiseadh do chuile chineál gné den teicneolaíocht ann.

Ansin bhí na duaiseanna á dtabhairt amach.

Bhuach mé an phríomhdhuais do Teicspásóir na Bliana. Bhí áthas an domhain orm mar nach raibh mé ag súil le duais chomh mór agus chomh tábhachtach a bhuachaint.

Thaitin sé go mór liom cur isteach ar na comórtaisí a bhí ag TeicFéile mar thug sé blaiseadh dom ar céard atá ar fáil i saol oibre na teicneolaíochta. Chuir mé an-suim ann agus tá an-taitneamh bainte agam as an bhfoghlaim, na scileanna nua agus an taithí atá faighte agam trí na ranganna teicneolaíocht.

Sula gcríochnaíonn mé an t-alt seo ba mhaith liom buíochas mór a ghlacadh le mo mhúinteoir teicneólaíochta Róisín Ní Chonfhaola as an méid ama atá curtha isteach i dTeicFéile aici.

Tá scoil sin againne Scoil Phobail Mhic Dara ar an scoil is mó sa tír atá duaiseanna buachta acu ag na comórtaisí seo.

Agus le cúnamh Dé, níl anseo ach a thús.

# Cúinne na nÓg

"Déanaimid comhghairdeas le Foireann Phleanáil Teanga Chonamara Láir as ucht an dea-obair atá ar bun acu i bpleanáil, ag tabhairt tacaíochta agus i gcur chun cinn imeachtaí trí mhéan na Gaeilge i gConamara Láir. Is cinnte go rachaidh an tsárobair atá ar bun acu chun tairbhe do dhéagóirí agus muintir an cheantair ar fad agus gura fada buan a leanfaidh a gcuid oibre.
Ádh mór ar bhur nuachtlitir
ó fhoireann Choláiste na bPiarsach"



An idirbhliain nua i gColáiste na bPiarsach

Ba é an scoilbhliain 2020/ 21 an chéad bhliain a raibh rang idirbhliana i gColáiste na bPiarsach. Ba lá stairiúil é seo do phobal na scoile. Cheapfá gur droch bhliain é chun tús a chur leis an idirbhliain mar gheall ar an méid a bhí ag tarlú mórthimpeall ach a mhalairt ar a bhí ann. Cinnte, bhí ar chuid de na himeachtaí a bhí ar intinn againn a bheith curtha ar an méar fhada ach níor chur sé seo stop linn. Rinneamar go leor imeachtaí taobh amuigh agus taobh istigh den scoil agus muid ag cloí leis na rialacha a bhain leis an gcoróinvíreas. Chuir muid tús leis an scoilbhliana le lá álainn a bhí againn ag rothaíocht in Árainn, agus ina dhiaidh sin ghlac muid páirt in imeachtaí eile amuigh faoin aer úr, dreapadóireachta ar Chnoc Mordáin, Cnoc Leitir Móir, turas chuig Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin, snorcláil ar Thrá an Dóilín ar an gCeathrú Rua agus turas chuig ionad gníomhaíochta 'Wildlands' i Maigh Cuilinn. Rinneamar snámh na Nollag ar mhaithe le COPE na Gaillimhe ar Thrá Chaladh Mhaínse agus ba iad rang na hidirbhliana a bhí i gceannas ar Siopa na Nollag sa scoil. Faraor, níor fhill muid ar an seomra ranga tar éis saoire na Nollag ach bhí muid ar ais ag foghlaim ar líne. Fiú agus muid ar líne bhí neart le déanamh againn. Ghlac muid páirt i gcúrsa 'Iriseoirí an Lae Amárach' chomh maith le bheith rannpháirteach i ranganna ó Luan go hAoine ar 'Teams'.

Le cúnamh Dé, beidh neart laethanta eile againn, lán le gáire agus spraoi i dteannta a chéile roimh dheireadh na bliana seo.

Katie Ní Shúilleabháin (dalta idirbhliana Choláiste na bPiarsach)

## Easpa sóisialú i measc cairde de thionchar na dianghlasála

Le cúpla mí anuas, tá an saol i bhfad níos deacra ná mar a cheap muid a d'fhéadfadh sé a bheith.  Tá daoine ag cailleadh a gcuid misnigh agus in ísle brí.  Bhí mé féin ag glacadh leis nach bhféadfadh aon rud bac a chur orm mo chuid cairde a fheiceáil, ach bhí athrú scéil agam leis an dianghlasáil seo ar fad.  Airím uaim go mór mo chairde faoi láthair agus táim ag súil go mór leis na srianta seo a bheith ardaithe gan mhoill agus go mbeimid i dteannta a chéile arís go luath le cúnamh Dé.

Claire Ní Lochnáin (dalta idirbhliana Choláiste na bPiarsach)

## An Saol Scoile le 'COVID'

Tá an saol scoile athraithe go mór i gColáiste na bPiarsach ó thosaigh an choróinvíreas i Mí Márta na bliana seo caite. Thosaigh muid uilig ag obair ón mbaile ar an 12 Márta 2020, ag súil go mbeadh muid ar ais ar scoil faoi cheann coicíse ina dhiaidh sin ach ar ndóigh, ní mar sin a d'oibre rudaí amach.  Chuir muid tús le obair ón mbaile agus lean sé ar aghaidh an chuid eile den scoilbhliain 2020.  Chruthaigh na múinteoirí Grúpa Folláine ar 'Teams' agus is ansin a chuir siad dúshláin beaga in airde dúinn le déanamh gach seachtain chun muid choinneáil aclaí, ionas nach mbeadh in iomarca leadráin orainn sa mbaile. Cé go raibh an choróinvíreas ar fud an domhain ag an staid seo, bhí muid ag tnúth go mór go mbeadh muid fhéin agus an cúigiú bliain ag dul thar lear ar turas, ach faraor bhí sé curtha ar ceall de bharr na aicíde. Bhí muid uilig trí na chéile, ní nach iontas.  Chuaigh muid ar ais ar scoil ar an 4 Meán Fómhair 2020 agus bhí gach duine ar bís a bheith arais ach bhí rudaí an-difriúil.  Bhí orainn mascanna a chaitheamh an t-am ar fad, agus suí sa rang linn fhéin. Bhí díghlaráin lámha i ngach áit agus ní raibh cead againn meascadh le aon rang eile. Bhí sé deacair cloí leis na rialacha nua seo an t-am ar fad, ach thuig muid go ar leas pobal na scoile agus an pobal tré chéile a bhí na rialacha nua seo, chun muid ar fad a choinneáil sábháilte.

Nuair a fuair muid saoire na Nollag níos deireanaí sa mbliain, bhí muid  ag súil go mór leis an mbriseadh. Thosaigh  cásanna coróinvíreas ag ardú go gairid ina dhiaidh sin, agus leis sin rinne an rialtas cinneadh na scoileanna a dhúnadh aríst.  Táimid anois i Mí Márta 2021, agus fós ag freastal ar scoil ón mbaile. Tá an cúigiú bliain (Ardteist) arais ar scoil le roinnt seachtainí agus tá muidne ag súil le bheith arais taréis saoire na Cásca le cúnamh Dé.  Tá mé cinnte go mbeidh rudaí mar an gcéanna leis na mascanna agus na rialacháin breise ar feadh píosa eile, ach tá súil agam nach mbeidh sé i bhfad go mbeidh an gnáth shaol scoile arais mar a bhí roimh COVID.

-Ciara Ní Dhuinnshléibhe (dalta idirbhliana Choláiste na bPiarsach)

# Coirnéal Chomhrá 'Ar Chuala Tú?'



*Aoi na Míosa*: **Dara Ó Maoilchiaráin**
(Príomhoide Scoil Phobail Mhic Dara agus Cathaoirleach Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir)

- **Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Seans go dtugtar neart ainmneacha orm, cuid acu nach bhfuil cloistithe agam! Is MacDara a baisteadh orm ach níor úsáid mé féin ná mo chlann é sin mórán. Thugtaí Dara Bán orm sa mheánscoil! Bhí mo chuid gruaige beagán níos báine ag an am sin agus beagán níos mó dó ann!
- **Ainm Baile (e.g. I ndiaidh do mhuintir):** Dara Phat Mhicheal Mhaitiú
- **Cén ceantar ina bhfuil conaí ort?** Feithearna i Muigh Inis
- **Ar fhás tú suas in sa gceantar seo?** D'fhás agus tá an t-ádh orm nach raibh orm imeacht as riamh seachas tréimhsí beaga anseo agus ansiúd agus gur éirigh liom postanna a fháil i gConamara.
- **Cén cartún ina raibh suim agat ann agus thú ag fás aníos?** Thaithin Bugs Bunny agus Roadrunner go mór liom.
- **Céard é an béile is fearr leat?** Bagún, swede agus fataí nua le neart ime!
- **Céard é an boladh is fearr leat?** An boladh a bhíonn ar bhláth buí an aiteann.
- **Céard é an deoch is fearr leat?** Is breá liom pionta maith don stuff dubh!
- **Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Tigh Vaughan, Cloch na Rón.
- **An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Siúl cois cladaigh lá stoirmiúil. Ag tabhairt aire do bheithígh.
- **An saoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Mí na meala san Astráil, Nua Shéalainn agus Fiji. Áiteanna álainn, comhluadar iontach agus gan imní, gan cúram!!
- **Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann?** Rock- Bruce Springsteen
- **An noiméad don lá is fearr leat?** Teacht abhaile tráthnóna tar éis an lá oibre.
- **An rud is mó a ghoileann ort?** Cainteoirí Gaeilge nach labhraíonn Gaeilge lena ngasúir.

## An Earnáil Turasóireachta i gConamara Láir

Ghlac Foireann Forbairt Chonamara Láir Teo., agus Pleanál Teanga Chonamara Láir páirt i sraith Ceardlainne Turasóireachta a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta le gairid. Cé go bhfuil go leor imní faoin Tionscal  na Turasóireachta faoi láthair, ba cheart dúinn mar phobal leas a bhaint as ár gceantar álainn. Mholfaimis leas a bhaint as na huirlisí margaíochta go léir chun ár gcuid táirgí agus seirbhísí a chur chun cinn  ar na margaí oscailte nuair a athosclóidh an tír arís.
Mar is eol dúinn, beidh gach béim ar Mhargadh na hÉireann i 2021 agus seans in 2022, mar sin, molfaimis do gach duine a bhfuil baint acu leis an Earnáil Turasóireachta, deiseanna margaíochta a mheas ar:

- https://www.tourismireland.com/Press-Releases/2018/December/Tourism-Ireland-unveils-the-world%E2%80%99s-first-tour-1
- Airbnb Experiences

## Suíomh Idirlín Chonamara Láir

**Faoi láthair, tá obair á dhéanamh ar ár suíomh idirlín www.conamaralair.ie.**
**Ba mhaith linn ardán a thabhairt do ghnóthaí agus seirbhísí atá lonnaithe sa cheantar. Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie chun an foirm clárúcháin a fháil. Is deis iontach é seo chun breis poiblíochta a thabhairt do do ghnó/ seirbhís.**





## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Duckie (Katie) Clarke a bhuaigh comórtas mí Márta. Tógadh an griangraf seo i Rosmuc Dúirt Peadar Ó Gríofa as G-cló, moltóir an chomórtais, go dteann an pictúir le téama an Mhárta, go bhfuil sé ar nós ''bealach glas ar chúl an gheata'. Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do mhí Aibreáin chun do sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan.

## Logainm na Míosa

Caiseal

Ciallaíonn Caiseal 'Lios Cloiche' (stone ringfort). Tá ceann acu suite ar bhun fána an tsléibhe thart ar 1 km taobh thoir thuaidh den bhaile.

## Seanfhocal na Míosa:

**Níor bhris focal maith fiacail riamh.**


**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair


'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir


Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.